2026/222

27.1.2026

CINNEADH (AE) 2026/222 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Eanáir 2026

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh chun comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Comhlathas na hAstráile, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Chomhlathas na hAstráile i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Chomhlathas na hAstráile le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212 de, i gcomhar le h Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le rannpháirtíocht Chomhlathas na hAstráile i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Chomhlathas na hAstráile le Colún II de Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht, thar ceann an Aontais, le haghaidh comhaontaithe maidir le rannpháirtíocht Chomhlathas na hAstráile i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Chomhlathas na hAstráile le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).

Airteagal 2

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 4

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um an Áise-an Aigéine, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta i dtaca le rannpháirtíocht Chomhlathas na hAstráile in aon chláir de chuid an Aontais agus leis an Meitheal um Thaighde, maidir le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha i dtaca le rannpháirtíocht Chomhlathas na hAstráile sa chlár Fís Eorpach.

Airteagal 5

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Eanáir 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. KERAVNOS